BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

21 Samhain 2024*

(Achomharc – Comhbheartas tráchtála – Bearta chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an tAontas Eorpach na cearta a thugtar dó le rialacha trádála idirnáisiúnta – Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 – Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 – Aontas Custaim – Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 – Cód Custaim an Aontais – Cinntí maidir le Faisnéis Cheangailteach i leith Tionscnaimh (BOI) arna nglacadh ag údaráis chustaim náisiúnta – Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 – Tionscnamh neamhfhabhrach gluaisrothar áirithe Harley-Davidson a chinneadh – An coincheap 'oibriú nó próiseáil nach bhfuil údar eacnamaíoch leo' – Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún Eorpach maidir le cúlghairm cinntí a bhaineann le BOI – Tarmligean na cumhachta – Ionchais dhlisteanacha – An ceart chun dea-riaracháin – An ceart chun éisteacht a fháil)

I gCás C-297/23 P,

ACHOMHARC de bhun Airteagal 56 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a tionscnaíodh an 11 Bealtaine 2023,

Harley-Davidson Europe Ltd, arna bhunú in Oxford (an Ríocht Aontaithe),

Neovia Logistics Services International, arna bhunú in Vilvoorde (an Bheilg),

arna n-ionadú ag E. Righini, avvocato, agus S. Völcker, Rechtsanwalt,

iarratasóirí,

páirtí eile sna himeachtaí:

an Coimisiún Eorpach, arna ionadú ag F. Clotuche-Duvieusart, M. Kocjan agus F. Moro, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir ag an gcéad chéim,

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, C. Lycourgos (Rapóirtéir), Uachtarán an Tríú Dlísheomra, S. Rodin, N. Jääskinen agus O. Spineanu-Matei, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Kokott,

* Teanga an cháis: an Béarla.

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 30 Bealtaine 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena n-achomharc, iarrann Harley-Davidson Europe Ltd agus Neovia Logistics Services International NV go ndéanfaí breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 1 Márta 2023 *Harley-Davidson Europe agus Neovia Logistics Services International* v *an Coimisiún* (T-324/21, 'an breithiúnas atá faoi achomharc', EU:T:2023:101) a chur ar neamhní, lenar dhíbh an Chúirt Ghinearálta a caingean le haghaidh neamhniú Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/563 ón gCoimisiún an 31 Márta 2021 maidir le bailíocht cinntí áirithe a bhaineann le faisnéis cheangailteach i leith tionscnaimh (IO 2021 L 119, lch. 117, 'an cinneadh atá faoi chonspóid'), atá dírithe chuig Ríocht na Beilge.

An dlí lena mbaineann

An dlí idirnáisiúnta

2 Foráiltear le hAirteagal 2 den Chomhaontú maidir le Rialacha Tionscnaimh (IO 1994 L 336, lch. 144), atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) (IO 1994 L 336, lch. 3):

'Go dtí go gcríochnófar an clár oibre um chomhchuibhiú na rialacha tionscnaimh [...], áiritheoidh na comhaltaí an méid seo a leanas:

[...]

(b) d'ainneoin an bhirt beartais tráchtála nó na hionstraime beartais tráchtála a mbeidh siad nasctha leis nó léi, ní úsáidfear a rialacha tionscnaimh mar ionstraimí atá ceaptha chun gnóthú cuspóirí a bhaineann le trádáil a chur chun cinn, go díreach nó go hindíreach;

(c) ní chruthóidh rialacha tionscnaimh *per se* éifeachtaí a chuirfidh srian ar thrádáil idirnáisiúnta, a dhéanfaidh í a shaobhadh nó a chuirfidh isteach uirthi. Ní fhorchuirfidh siad ceanglais atá ródhian ná ní cheanglóidh siad, mar réamhchoinníoll chun an tír thionscnaimh a chinneadh, go gcomhlíonfar coinníoll áirithe nach bhfuil nasctha le monarú ná le hoibriú. Mar sin féin, féadfar costais nach mbaineann go díreach le monaraíocht ná le hoibriú a chur san áireamh chun an critéar céatadáin *ad valorem* a chur i bhfeidhm [...];

[...]'

Dlí an Aontais

Reachtaíocht chustaim

– *Cód Custaim an Chomhphobail*

3 Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht in Airteagal 25 de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 lena mbunaítear Cód Custaim an Chomhphobail (IO 1992 L 302, lch. 1) ('Cód Custaim an Chomhphobail'):

'Maidir le próiseáil nó oibriú a suitear ina leith, nó a dtugann na fíorais a suíodh ina leith bonn cirt don toimhde, gurbh é an t-aon chuspóir amháin a bhí leis dul timpeall ar na forálacha is infheidhme sa Chomhphobal [Eorpach] maidir le hearraí ó thíortha sonracha, ní mheasfar in imthosca ar bith go dtugann an phróiseáil nó an t-oibriú sin tionscnamh na tíre ina ndéantar an phróiseáil nó an t-oibriú sin do na hearraí sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

– *Cód Custaim an Aontais*

4 Luaitear an méid seo a leanas in Aithrisí 9 agus 55 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO 2013 L 269, lch. 1; 'Cód Custaim an Aontais'):

'(9) Is ar chomhaontas custaim atá an tAontas [Eorpach] bunaithe. Tá sé inmholta, chun leas oibreoirí eacnamaíocha agus chun leas na n-údarás custaim san Aontas, go gcruinneofaí an reachtaíocht reatha chustaim i gcód. Bunaithe ar choincheap margaidh inmheánaigh, ba cheart go mbeadh na rialacha agus na nósanna imeachta ginearálta sa Chód sin a áirithíonn cur chun feidhme na mbeart taraife agus na mbeart eile comhbheartais a thugtar isteach ar leibhéal an Aontais i dtaca le trádáil in earraí idir an tAontas agus tíortha agus críocha lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, agus riachtanais na gcomhbheartas sin á gcur san áireamh. [...]

[...]

(55) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), is gá agus is iomchuí, chun na bunchuspóirí a bhaint amach, eadhon an comhaontas custaim a bheith in ann feidhmiú go héifeachtach agus an comhbheartas tráchtála a chur chun feidhme, na rialacha agus na nósanna imeachta ginearálta a leagan síos is infheidhme maidir le hearraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó amach aisti. [...]'

5 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 33 den chód sin:

'1. Ar iarratas a dhéanamh chucu, déanfaidh na húdaráis chustaim, [...] cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach i leith tionscnaimh ('cinntí FCT') [...].

[...]

3. Beidh cinntí […] FCT bailí ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta a dtiocfaidh an cinneadh i bhfeidhm.

[...]'

6 De réir Airteagal 34(11) den chód sin:

'Féadfaidh an Coimisiún [Eorpach] cinntí a ghlacadh lena n-iarrfar ar na Ballstáit cinntí [...] FCT a chúlghairm chun rangú taraife ceart agus aonfhoirmeach nó cinneadh tionscnaimh ceart agus aonfhoirmeach a áirithiú i leith na n-earraí.'

7 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 59 den chód sin:

'Leagfar síos le hAirteagal 60 agus le hAirteagal 61 rialacha d'fhonn tionscnamh neamhfhabhrach earraí a chinneadh chun na nithe a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) an Chomhtharaif Chustaim [...];

(b) bearta, seachas bearta taraife, a bhunaítear le forálacha de chuid an Aontais lena rialaítear réimsí sonracha a bhaineann le trádáil in earraí; agus

(c) bearta eile de chuid an Aontais a bhaineann le tionscnamh earraí.'

8 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 60 de Chód Custaim an Aontais:

'1. Earraí a fhaightear go hiomlán i dtír amháin nó i gcríoch amháin, measfar go bhfuil a n-áit tionscnaimh sa tír sin nó sa chríoch sin.

2. Earraí a bhfuil níos mó ná tír nó críoch amháin bainteach lena dtáirgeadh, measfar gur de thionscnamh na tíre nó na críche ina ndearnadh an phróiseáil shubstainteach dheireanach nó an t-oibriú substainteach deireanach orthu, a raibh bunús leis an bpróiseáil nó an oibriú sin ó thaobh na heacnamaíochta, i ngnóthas a fheistítear chun na críche sin, a mbeidh monarú táirge nua mar thoradh air nó ar chéim thábhachtach sa mhonarú í.'

9 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 62 den chód sin:

'Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe [...], ina leagtar síos na rialacha faoina measfar go bhfuarthas earraí, a bhfuil cinneadh maidir le tionscnamh neamhfhabhrach ag teastáil ina leith chun bearta an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 59 a chur i bhfeidhm, go huile i dtír nó i gcríoch amháin nó a meastar go ndearnadh an phróiseáil shubstainteach dheireanach nó an t-oibriú substainteach deireanach orthu, a raibh bunús leis an bpróiseáil nó an oibriú sin ó thaobh na heacnamaíochta, i ngnóthas a fheistítear chun na críche sin, a bhfuil monarú táirge nua mar thoradh air nó ar céim thábhachtach sa mhonarú í, i dtír nó i gcríoch, i gcomhréir le hAirteagal 60.'

– *Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446*

10 De réir aithris 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO 2015 L 343, lch. 1):

‘Chun cosc a chur ar aon chúbláil ar thionscnamh earraí allmhairithe chun cur i bhfeidhm beart beartais tráchtála a sheachaint, ba cheart a mheas i gcásanna áirithe nach bhfuil bonn cirt eacnamaíoch leis an oibriú substaintiúil deireanach nó leis an bpróiseáil shubstaintiúil dheireanach.’

11 Is mar seo a leanas a bhí an fhoclaíocht in Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446, dar teideal ‘Oibriú nó próiseáil nach bhfuil údar eacnamaíoch leo (Airteagal 60(2) de [Chód Custaim an Aontais])’:

‘Measfar nach mbeidh údar eacnamaíoch ag aon oibriú nó próiseáil a dhéantar i dtír eile nó i gcríoch eile má shuitear, ar bhonn na ngnéithe fíorasacha atá ar fáil, go raibh sé de chuspóir ag an oibríocht sin cur i bhfeidhm na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 59 de Chód [Custam an Aontais] a sheachaint.

[…]

Le haghaidh earraí nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn 22-01, i gcás ina meastar nach bhfuil údar cuí eacnamaíoch leis an oibriú deiridh ná leis an bpróiseáil deiridh, measfar gur sa tír nó sa chríoch inar tionscnaíodh príomhchion na n-ábhar a rinneadh an phróiseáil shubstaintiúil deiridh nó an t-oibriú substaintiúil deiridh lena raibh údar cuí eacnamaíoch ar na hearraí, ar próiseáil nó oibriú é is toradh le táirge nua nó ar chéim thábhachtach sa mhonarú iad, déanfar príomhchion na n-ábhar a chinneadh ar bhonn luach na n-ábhar.’

Rialachán a bhaineann leis an gcomhbheartas tráchtála

– *Rialachán (AE) Uimh. 654/2014*

12 Foráiltear le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le feidhmiú chearta an Aontais chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 3286/94 ón gComhairle lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail i réimse an chomhbheartais tráchtála d’fhonn feidhmiú chearta an Chomhphobail faoi rialacha trádála idirnáisiúnta a áirithiú, go háirithe na cearta sin a bunaíodh faoi choimirce na hEagraíochta Domhanda Trádála (IO 2014 L 189, lch. 50):

‘Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le:

[…]

(c) maidir le lamháltais nó oibleagáidí eile a athchothromú, a bhféadfadh beart cosanta arna chur i bhfeidhm ag tríú tír ceart a thabhairt ina leith de bhun Airteagal 8 de Chomhaontú EDT maidir le Bearta Cosanta, nó de bhun na bhforálacha maidir le bearta cosanta a áirítear i gcomhaontuithe trádála idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear comhaontuithe réigiúnacha nó déthaobhacha;

[...]'

13 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 4 den Rialachán sin:

'1. I gcás ina bhfuil gá le beart chun leasanna an Aontais a chosaint sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 3, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena gcinnfear na bearta beartais tráchtála iomchuí. [...]

2. Comhlíonfaidh gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun mhír 1 na coinníollacha seo leanas:

[...]

(c) i gcás ina ndéantar lamháltais nó oibleagáidí eile a athchothromú faoi fhorálacha maidir le bearta cosanta i gcomhaontuithe trádála idirnáisiúnta, beidh beart an Aontais coibhéiseach tríd is tríd le leibhéal na lamháltas nó na n-oibleagáidí eile a ndéanann an beart cosanta difear dóibh, i gcomhréir le coinníollacha Chomhaontú EDT maidir le Bearta Cosanta nó coinníollacha na bhforálacha maidir le bearta cosanta i gcomhaontuithe trádála idirnáisúnta eile, lena n-áirítear comhaontuithe réigiúnacha nó déthaobhacha, faoina gcuirtear an beart cosanta i bhfeidhm.

[...]'

– *Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/724*

14 Is mar a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/724 ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2018 maidir le bearta áirithe beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO 2018 L 122, lch. 14):

'Cuirfidh an Coimisiún in iúl láithreach, agus in aon chás tráth nach déanaí ná an 18 Bealtaine 2018, do Chomhairle Trádála Earraí EDT, trí fhógra i scríbhinn, go ndéanfaidh an tAontas, in éagmais easaontas ar a thaobh féin, cur i bhfeidhm lamháltas dleachta allmhairiúcháin ar thrádáil na Stát Aontaithe faoin [gComhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a fhionraí, amhail ón 20 Meitheamh 2018, i gcás na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II, ionas go bhféadfar dleachtanna custaim breise a chur i bhfeidhm ar allmhairí táirgí den sórt sin ar de thionscnamh na Stát Aontaithe iad.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

– *Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886*

15 I gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/886 ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2018 maidir le bearta áirithe beartais tráchtála a bhaineann le táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/724 (IO 2018 L 158, lch. 5), tá an tAontas Eorpach le dleachtanna custaim breise a chur i bhfeidhm ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá isteach san Aontas Eorpach, lena n-áirítear gluaisrothair a bhfuil inneall loiní frithingeacha de thoilleadh sorcóra níos mó ná 800 cm^3 acu. Leanann sé ó Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme

2018/886 go bhfuil na táirgí sin, sa bhreis ar an ngnáthráta dleachta 6 %, faoi réir dleachtanna custaim breise 25 % ag an gcéad chéim ón 22 Meitheamh 2018, agus ansin faoi réir dleachtanna custaim breise eile ar ráta 25 % ag an dara céim ón 1 Meitheamh 2021, go bunúsach, ar a dhéanaí.

Cúlra na díospóide

16 Tá cúlra na díospóide leagtha amach i míreanna 20 go 38 den bhreithiúnas atá faoi achomharc. Chun críocha na n-imeachtaí seo, féadfar achoimre a dhéanamh air mar seo a leanas.

17 I mí an Mheithimh 2018, d'fhorchuir Rialtas Stáit Aontaithe Mheiriceá dleachtanna custaim breise 25 % agus 10 % faoi seach ar allmhairí cruach agus allmhairí alúmanaim ón Aontas, agus é mar aidhm acu táirgeadh intíre na dtáirgí sin a chur chun cinn agus a mhéadú. Mar fhreagairt ar thabhairt isteach na ndleachtanna custaim breise sin, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme 2018/886, lena bhforáiltear do chur i bhfeidhm dleachtanna custaim breise ar allmhairí táirgí áirithe de thionscnamh na Stát Aontaithe, lena n-áirítear gluaisrothair ag a bhfuil inneall loiní dócháin inmheánaigh frithingeach de thoilleadh sorcóra is mó ná 800 cm^3.

18 Tháinig Harley-Davidson Inc., cuideachta de chuid na Stát Aontaithe atá speisialaithe i dtógáil gluaisrothar, ar an eolas faoi dhleachtanna custaim breise tar éis an rialachán cur chun feidhme sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

19 An 25 Meitheamh 2018, chuir Harley-Davidson tuarascáil foirme dar teideal 'Form 8-K Current Report' ('Foirm 8-K') faoi bhráid an Choimisiúin um Urrúis agus Malartú (na Stáit Aontaithe), a raibh sé mar aidhm léi a scairshealbhóirí a chur ar an eolas faoi chur i bhfeidhm na ndleachtanna custaim breise arna nglacadh ag an Aontas trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme 2018/886, agus faoi iarmhairtí na ndleachtanna sin dá ghnó.

20 I bhfoirm 8-K, chuir Harley-Davidson an méid seo a leanas in iúl, go háirithe:

'Ghlac an tAontas Eorpach dleachtanna custaim ar earraí éagsúla arna dtáirgeadh sna Stáit Aontaithe, ina measc, gluaisrothair Harley-Davidson. Forchuireadh na dleachtanna sin, a tháinig i bhfeidhm an 22 Meitheamh 2018, mar fhreagairt ar na dleachtanna custaim arna bhforchur ag na Stáit Aontaithe ar chruach agus alúmanam arna n-onnmhairiú ón [Aontas] go dtí na Stáit Aontaithe.

Dá bhrí sin, ardaíodh dleachtanna custaim [an Aontais] ar ghluaisrothair Harley-Davidson arna n-onnmhairiú ó na Stáit Aontaithe ó 6 % go 31 %. Measann Harley-Davidson go mbeidh costas breise de thart ar USD 2 200 in aghaidh an ghluaisrothair a onnmhairítear ó na Stáit Aontaithe go dtí an [tAontas] mar thoradh ar na dleachtanna custaim sin.

[...]

Chun dul i ngleic leis an gcostas suntasach den ualach taraife sin go fadtéarmach, cuirfidh Harley-Davidson plean i bhfeidhm chun táirgeadh na ngluaisrothar atá ceaptha don [Aontas] a athlonnú ó na Stáit Aontaithe chuig a shaoráidí idirnáisiúnta d'fhonn an t-ualach taraife a sheachaint. Tuarann Harley-Davidson go mbeidh infheistíocht bhreise ag teastáil do mhéadú an táirgthe sna monarchana idirnáisiúnta agus go bhféadfadh go dtógfaidh sé ar a laghad 9 go 18 mí sula gcríochnófar an infheistíocht sin ina hiomláine.'

21 I ndiaidh fhoilsiú fhoirm 8-K, roghnaigh Harley-Davidson a mhonarcha sa Téalainn mar shuíomh táirgthe do roinnt dá ghluaisrothair atá ceaptha do mhargadh an Aontais.

22 Bhí Harley-Davidson ag iarraidh gealltanais a fháil maidir le cinneadh thír thionscnaimh na ngluaisrothar. Mar sin, thaisc Harley-Davidson agus Neovia Logistics Services International, idirghabhálaí a chuireann seirbhísí cúnaimh lóistíochta ar fáil dó i gcomhthéacs a oibriúchán allmhairíochta gluaisrothar san Aontas tríd an mBeilg, le chéile, an 25 Eanáir 2019, dhá iarratas fhoirmiúla ar chinntí FCT ar dtús, maidir le dhá raon gluaisrothar, le húdaráis chustaim na Beilge. Taisceadh trí iarratas eile ar chinntí FCT, maidir le trí raon eile gluaisrothar, ina dhiaidh sin.

23 An 31 Eanáir 2019, d'fhreastail údaráis na Beilge ar chruinniú leis an gCoimisiún maidir leis an gcéad dá iarraidh ar chinntí FCT. Ag deireadh an chruinnithe sin, d'eisigh an Coimisiún tuairim neamhfhoirmiúil go bhféadfadh sé, mar gheall ar an bhfaisnéis i bhFoirm 8-K, nach gcomhlíonfaí an critéar maidir le bonn cirt eacnamaíoch, de réir bhrí Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446. D'ainneoin iarrataí údaráis na Beilge, áfach, níor eisigh an Coimisiún tuairim fhoirmiúil riamh maidir le hinfheidhmeacht na forála sin maidir le fíorais an cháis.

24 An 24 Meitheamh 2019, de bhun Airteagal 33(1) de Chód Custaim an Aontais, ghlac údaráis chustaim na Beilge dhá chinneadh FCT, lenar aithin agus lenar dheimhnigh siad gur de thionscnamh na Téalainne an dá aicme gluaisrothar dá dtagraítear sa chéad dá iarratas ar chinntí FCT, dá dtagraítear i mír 22 thuas. Rinne údaráis na Beilge an rud céanna, ina dhiaidh sin, maidir leis na trí iarratas eile ar chinntí FCT dá dtagraítear i mír 22 den bhreithiúnas seo. Chuir na húdaráis sin an chéad dá chinneadh FCT in iúl don Choimisiún an 21 Lúnasa 2019.

25 An 5 Deireadh Fómhair 2020, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis na Beilge go raibh sé de rún aige a iarraidh orthu an chéad dá chinneadh FCT a chúlghairm. An 13 Samhain 2020, d'fhreagair údaráis na Beilge an Coimisiún go raibh siad i gcoinne iarratas ar chúlghairm den sórt sin. An 23 Nollaig 2020, thionscain an Coimisiún nós imeachta foirmiúil d'fhonn an cinneadh atá faoi chonspóid a ghlacadh.

26 An 5 Márta 2021, chuir an Coimisiún an dréacht den chinneadh atá faoi chonspóid faoi bhráid thoscaireachtaí náisiúnta uile Choiste an Aontais um an gCód Custaim, Roinn 'Tionscnaimh', trí nós imeachta comhairleach i scríbhinn. Chuir ceithre Bhallstát barúlacha isteach maidir leis an dréacht den chinneadh atá faoi chonspóid agus chuir siad i gcoinne na tuairime arna cur in iúl ag an gCoimisiún sa dréacht sin. An 29 Márta 2021, chuir an Coimisiún achoimre chuig an gCoiste um an gCód Custaim, Roinn 'Tionscnamh', inar chuir sé in iúl gur léirigh na 23 Bhallstát nár ghlac seasamh, go hintuigthe, gur aontaigh siad leis an dréacht den chinneadh atá faoi chonspóid.

27 An 31 Márta 2021, ghlac an Coimisiún an cinneadh atá faoi chonspóid, a chuir sé in iúl do Ríocht na Beilge é an 6 Aibreán 2021 agus a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an lá dar gcionn, lena n-iarrtar ar údaráis na Beilge an chéad dá chinneadh FCT a chúlghairm.

28 In aithrisí 6, 7 agus 9 den chinneadh atá faoi chonspóid, shonraigh an Coimisiún an méid seo a leanas:

> ‘(6) I ndiaidh fhoilsiú na mbeart beartais tráchtála den Aontas Eorpach, chuir [Harley-Davidson] in iúl, le foirm 8-K [...] a tugadh do [SEC] i mí an Mheithimh 2018, a phlean chun táirgeadh gluaisrothar áirithe atá ceaptha do mhargadh an Aontais Eorpaigh a aistriú ó Stáit Aontaithe Mheiriceá go dtí a shaoráidí idirnáisiúnta atá bunaithe i dtír eile, d’fhonn bearta beartais tráchtála den Aontas Eorpach a sheachaint.
>
> (7) Fiú mura gá gurb é bearta beartais tráchtála a sheachaint an t-aon chuspóir d’aistriú an táirgthe, comhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear i bhfomhír 1 d’Airteagal 33 [de Rialachán Tarmligthe 2015/2446] ar bhonn na faisnéise atá ar fáil. Mar sin, meastar nach bhfuil údar eacnamaíoch ag an bpróiseáil ná ag an oibriú arna dhéanamh sa tír dheireanach táirgthe. Mar thoradh air sin, tá cinneadh thionscnamh neamhfhabhair na ngluaisrothar le bunú ar an tríú mír den Airteagal sin.
>
> [...]
>
> (9) Ós rud é nach bhfuil cinneadh thionscnamh neamhfhabhrach na ngluaisrothar a chumhdaítear leis na cinntí FCT dá dtagraítear san Iarscríbhinn bunaithe ar an riail a leagtar síos in Airteagal 33(3) [de Rialachán Tarmligthe 2015/2446], measann an Coimisiún go bhfuil an cinneadh sin maidir le tionscnamh neamhfhabhrach ar neamhréir le hAirteagal 60(2) den [Chód Custaim], i gcomhar le hAirteagal 33 [de Rialachán Tarmligthe 2015/2446].’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

29 I ndiaidh ghlacadh an chinnidh atá faoi chonspóid, chuir údaráis na Beilge in iúl do na hiarratasóirí, le litir an 16 Aibreán a cuireadh chuig Neovia Logistics Services International, go raibh siad chun na cúig chinneadh FCT a glacadh maidir le gluaisrothair arna dtáirgeadh sa Téalainn ag Harley-Davidson a allmhairiú isteach san Aontas a chúlghairm.

An t-iarratas os comhair na Cúirte Ginearálta agus an breithiúnas faoi achomharc

30 Lena gcaingean os comhair na Cúirte Ginearálta, d’iarr Harley-Davidson Europe agus Neovia Logistics Services International, *inter alia*, go gcuirfí an cinneadh faoi chonspóid ar neamhní.

31 I gcomhthéacs na caingne sin, d’ardaigh na hiarratasóirí sé shaincheist dlí le haghaidh neamhniú, lena n-éilítear:

– an chéad saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua agus sárú ar an nós imeachta comhairliúcháin sular glacadh an cinneadh atá faoi chonspóid;

– an dara saincheist dlí, lena n-éilítear earráid fhollasach mheasúnaithe;

– an tríú saincheist dlí, lena n-éilítear míthuiscint agus cur i bhfeidhm mícheart Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446;

– an ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear neamhdhleathacht Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446;

– an cúigiú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar phrionsabail ghinearálta de dhlí an Aontais agus ar an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus

– an séú saincheist dlí, lena n-éilítear mí-úsáid ar chumhacht an Choimisiúin chun críoch polaitiúil.

32 Leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc, tar éis di diúltú don sé shaincheist dlí sin, dhíbh an Chúirt Ghinearálta an chaingean sin ina hiomláine.

Foirmeacha an ordaithe atá á lorg ag na páirtithe san achomharc

33 Iarrann na hachomharcóirí ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal;

– an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní; agus

– a ordú don Choimisiún na costais arna dtabhú acu os comhair na Cúirte Breithiúnais agus os comhair na Cúirte Ginearálta a íoc.

34 Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Bhreithiúnais:

– an t-achomharc a dhíbhe agus

– a ordú do na hachomharcóirí na costais a íoc.

An t-achomharc

35 Mar thaca leis an achomharc, maíonn na hachomharcóirí trí shaincheist dlí, lena n-éilítear, ar an gcéad dul síos, léiriú earráideach ar Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446, ar an dara dul síos, sárú ar theorainneacha an tarmligin atá in Airteagal 62 de Chód Custaim an Aontais agus, ar an tríú dul síos, sárú ar an gceart chun dea-riaracháin.

An chéad saincheist dlí lena n-éilítear léiriú mícheart ar Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446

Argóintí na bpáirtithe

36 Baineann an chéad saincheist dlí, atá roinnte ina trí chuid, le léiriú na Cúirte Ginearálta ar Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446.

37 Leis an gcéad chuid den tsaincheist dlí seo, áitíonn na hachomharcóirí nár thug an Chúirt Ghinearálta aird ar chuspóir agus ar chomhthéacs na forála sin.

38 Is é cuspóir na forála sin soiléiriú a dhéanamh ar inneachar Airteagal 60(2) de Chód Custaim an Aontais, lena sainítear tionscnamh táirge de réir critéar fíorasach, arb é atá ann an tír dheireanach nó an chríoch dheireanach inar soláthraíodh breisluach suntasach a shainaithint. Rinne an Chúirt Ghinearálta critéar suibiachtúil den chritéar oibiachtúil sin, rud a chuir ar chumas an Choimisiúin measúnú ordlathach a dhéanamh ar ghnéithe suibiachtúla.

39 Scriosadh Airteagal 25 de Chód Custaim an Chomhphobail, a bhí bunaithe ar chritéar suibiachtúil, mar gheall ar na fadhbanna agus na deacrachtaí sistéamacha a bhain leis an gcur chun feidhme. Dar leis na hiarratasóirí, bhí an critéar sin ina thoisc éiginnteachta dlíthiúla agus bhí sé contrártha le hAirteagal 2 den Chomhaontú maidir le rialacha tionscnaimh, lena dtoirmeasctar úsáid na rialacha sin mar ionstraimí atá dírithe ar bhaint amach cuspóirí trádála a chur chun cinn nó coinníollacha a leagan síos nach bhfuil nasctha le monarú ná le hoibriú.

40 Le hAirteagal 33 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446, mar a léirítear é sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, tugtar isteach toimhde, atá thar a bheith deacair a bhréagnú, i gcás ina dtarlaíonn athshocrú i gcomhthráth le glacadh birt beartais tráchtála, gurb é teacht timpeall ar an mbeart sin an phríomhchúis leis an athlonnú sin, gan aird a thabhairt ar an údar eacnamaíoch atá leis.

41 Thairis sin, i bhfianaise an chuspóra, a luaitear in aithris 21 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446, maidir le cosc a chur ar aon ‘chúbláil’ ar thionscnamh earraí allmhairithe d’fhonn cur i bhfeidhm beart beartais tráchtála a sheachaint, is clásal frith-imchéimniúcháin é Airteagal 33 den Rialachán Tarmligthe sin, nach mór, mar atá i gcás cánachais nó dleachtanna frithdhumpála, a léiriú go docht. Ní thagraítear san fhoráil sin ach d’athshocruithe ar léir nach bhfuil aon bhrí leo in éagmais na mbeart beartais tráchtála atá i gceist, amhail Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO 2016 L 176, lch. 21).

42 Leis an dara cuid den chéad saincheist dlí, maíonn na hachomharcóirí gur léirigh an Chúirt Ghinearálta Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446 sa chaoi gurb ionann aon fhreagairt ó ghnóthas ar bhearta beartais tráchtála an Aontais agus sárú ar an bhforáil sin, beagnach go doleigheasta.

43 In ionad a chinneadh an raibh cúis réasúnach ag an athshocrú nach mbaineann le teacht timpeall ar bhearta beartais tráchtála an Aontais, cheadaigh an Chúirt Ghinearálta, sa chleachtas, don Choimisiún an tír thionscnaimh a athshainiú ionas go gcomhfhreagraíonn sé do chuspóirí na mbeart sin. D’fhorchuir sí an t-ualach ar na hiarratasóirí an toimhde go ndearnadh sárú ar Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446 a fhrisnéis, cé go bhfuil sé de shaoirse ag oibreoir eacnamaíoch a bheartas tráchtála féin a chinneadh ar bhonn breithnithe éifeachtúlachta tráchtála, amhail, mar shampla, nuair a fheidhmíonn sé a cheart chun a ghníomhaíocht a struchtúrú ar bhealach chun a dhliteanas cánach a theorannú, rud a aithníodh i mír 73 de bhreithiúnas an 21 Feabhra 2006, *Halifax agus páirtithe eile* (C-255/02, EU:C:2006:121).

44 Thairis sin, chinn an Chúirt Ghinearálta go mícheart nach gcuireann Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446 srian ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh, ach go gcuireann an léiriú a glacadh sa bhreithiúnas atá faoi achomharc srian míchuí ar shaoirse gnóthas a n-ionad táirgthe a roghnú. De réir réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta, is teorannú breise ar an tsaoirse sin é gur cheart a mheas gur de thionscnamh na Stát Aontaithe samhlacha nua gluaisrothar, nár tógadh ach sa Téalainn.

45 Leis an tríú cuid den chéad saincheist dlí, maíonn na hachomharcóirí go bhfuil earráid dlí sa bhreithiúnas atá faoi achomharc maidir leis an gcaighdeán cruthúnais ba cheart don Choimisiún a bhaint amach chun an dualgas a fhorchur ar an oibreoir eacnamaíoch a léiriú go bhfuil údar eacnamaíoch le hathlonnú a ghníomhaíochta. Rinne an Chúirt Ghinearálta earráid nuair a chinn sí gur leor comhtharlú ama idir beart beartais tráchtála a ghlacadh agus an t-athlonnú chun an toimhde nach bhfuil bonn cirt eacnamaíoch leis an mbeart sin a bhunú. Lena réasúnaíocht, bhain an Chúirt Ghinearálta míbhrí as mír 29 de bhreithiúnas an 13 Nollaig 1989, *Brother International*, (C-26/88, EU:C:1989:637).

46 Thairis sin, rinne an Chúirt Ghinearálta léiriú roghnach ar an gcoincheap 'fíorais atá ar fáil', de réir bhrí Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446, ag brath ar Fhoirm 8-K amháin chun an dualgas cruthúnais a chur ar na hachomharcóirí. Ós rud é gur ceanglaíodh leis an bhforáil sin ar an gCúirt Ghinearálta scrúdú a dhéanamh ar na fíorais go léir a bhí ar fáil, rinne an Chúirt Ghinearálta, trí mhainneachtain fianaise a chur san áireamh tar éis fhoilsiú na foirme sin, an fhianaise sin a shaobhadh agus earráid fhollasach mheasúnaithe a dhéanamh. I bhfianaise na fianaise atá ann cheana, ba cheart don Chúirt Bhreithiúnais a chinneadh go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid toisc, cé gurbh é glacadh an bhirt beartais tráchtála atá i gceist an teagmhas ba chúis leis an athlonnú, nach gá go mbeadh sé mar phríomhchuspóir nó mar phríomhchuspóir aici an beart sin a sheachaint.

47 Áitíonn an Coimisiún go bhfuil na hargóintí a forbraíodh sa tríú cuid den chéad saincheist dlí, a bhaineann le saobhadh na fianaise, do-ghlactha, ar an bhforas nár mhínigh na hachomharcóirí go beacht cad iad earráidí anailíse na Cúirte Ginearálta. In aon chás, tá an chéad saincheist dlí gan bhunús.

Measúnú na Cúirte Breithiúnais

48 Leis an gcéad dá chuid den chéad saincheist dlí, ar cheart déileáil leo le chéile, déanann na hachomharcóirí gearán gur bhain an Chúirt Ghinearálta míbhrí as an gcritéar a leagtar síos sa chéad mhír d'Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446, faoina meastar nach bhfuil údar eacnamaíoch le haon oibriú nó próiseáil a dhéantar i dtír nó i gcríoch eile 'má shuitear, ar bhonn na ngnéithe fíorasacha atá ar fáil, go raibh sé de chuspóir ag an oibríocht sin cur i bhfeidhm na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 59 de Chód [Custaim an Aontais] a sheachaint', amhail na bearta atá i gceist sa chás seo.

49 Ar an gcéad dul síos, i mír 58 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, léirigh an Chúirt Ghinearálta an nath 'go raibh sé de chuspóir ag an oibriú sin a sheachaint' san fhoráil sin, ag cur san áireamh go n-úsáidtear an téarma 'cuspóir' san abairt aonair sin, sa chaoi, cé go bhféadfadh sé nach mbeadh sé mar chuspóir aonair ag an rogha chun táirgeadh a athlonnú beart beartais tráchtála a sheachaint, nach mór don chuspóir sin a bheith cinntitheach mar sin féin. I mír 62 den bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt Ghinearálta nach mór an fhoráil sin a léiriú sa chaoi, más rud é, ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil, go ndealraíonn sé gurb é príomhchuspóir nó príomhchuspóir athlonnaithe cur i bhfeidhm bhearta beartais tráchtála an Aontais a sheachaint, nach mór a mheas ansin nach féidir, ar bhonn prionsabail, údar eacnamaíoch a thabhairt don athshuíomh sin.

50 Mar sin féin, ní chuireann aon earráid dlí an léiriú sin ó bhail. Go háirithe, contrártha leis an méid a mhaíonn na hiarratasóirí, ní féidir an chéad mhír d'Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446 a léiriú sa chaoi nach dtagraíonn sí ach d'athshocruithe nach bhfuil brí ar bith leo go follasach in éagmais na mbeart beartais tráchtála atá i gceist.

51 Ar an gcéad dul síos, a mhéid a bhraitheann na hiarratasóirí, de réir analaí, ar bhreithiúnas an 21 Feabhra 2006, *Halifax agus páirtithe eile*, (C-255/02, EU:C:2006:121), ar chinn an Chúirt, i mír 73 di, maidir le cáin bhreisluacha, go bhfuil oibreoir eacnamaíoch údaraithe chun a ghníomhaíocht a struchtúrú ar bhealach chun a dhliteanas cánach a theorannú, ní mór a mheas, fiú dá bhféadfaí an breithiúnas sin a chur i bhfeidhm de réir analaí ar an staid atá i gceist sa chás seo, go bhfuil argóint na n-achomharcóirí bunaithe ar léamh páirteach ar an mbreithiúnas sin.

52 I mír 62 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, thug an Chúirt Ghinearálta léiriú ar an gcéad mhír d'Airteagal 33 de Rialachán Tarmligthe 2015/2446 atá cosúil leis an léiriú a ghlac an Chúirt Bhreithiúnais i réimse na cánach breisluacha i míreanna 75 agus 86 de bhreithiúnas an 21 Feabhra 2006, *Halifax agus páirtithe eile*, (C-255/02, EU:C:2006:121), eadhon go n-éilítear leis an gcinneadh go bhfuil cleachtas mí-úsáideach ann, *inter alia*, nach mór a bheith soiléir ó shraith fachtóirí oibiachtúla gurb é cuspóir bunúsach na n-idirbheart atá i gceist buntáiste cánach a fháil.

53 Ar an dara dul síos, tá gá leis an léiriú arna ghlacadh ag an gCúirt Ghinearálta i mír 62 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ar dá réir gurb é an critéar cinntitheach chun Airteagal 33 a chur i bhfeidhm príomhchuspóir nó ceannasach idirbhirt, chun éifeachtacht na forála sin a áirithiú. Bhainfí a éifeachtacht den chuid is mó de na bearta sin dá léireofaí nach bhfuil feidhm acu toisc, sa bhreis ar an bpríomhchuspóir nó ar an bpríomhchuspóir cur i bhfeidhm bhearta beartais tráchtála an Aontais a sheachaint, go saothraíonn athlonnú cuspóirí tánaisteacha eile freisin.

